

## Cé hiad ár n-úsáideoirí?



Muintir na hÉireann	An Rialtas agus lucht déanta beartas	Institiúidí an AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile
Lucht Taighde	Na Meáin	Ár bhfreagróirí agus soláthróirí sonraí

## Na Príomhdhúshláin



- ▶ Dúil atá ag méadú i measc an phobail d'fhaisnéis ábhartha tráthúil ar fud réimse ábhar níos leithne
- ▶ An dlús atá ag teacht ar an éileamh ón Státseirbhís agus ón tSeirbhís Phoiblí ar sheirbhísí sonraí agus tacaíochta
- ▶ Castacht níos mó ag baint leis na nithe atáimid ag iarraidh a thomhas agus an gá le níos mionsonraithe
- ▶ Iomaíochas i ndomhan atá plúchta le sonraí
- ▶ Luas an timthrialla nuachta agus athruithe na hearnála sin
- ▶ Leas a bhaint as an teicneolaíocht cheart
- ▶ Rátaí freagartha atá ag titim
- ▶ Foinsí sonraí eile a fhorbairt agus mar a dhéanaimid faisnéis a bhailiú, a phróiseáil agus a fhoilsiú a thabhairt cothrom le dáta
- ▶ Baill foirne a bhfuil na scileanna oiriúnacha acu a mhealladh agus a choinneáil

## An Bealach Chun Cinn



- ▶ **Treoróimid mar a dhéantar sonraí a rialú, a bhainistiú agus a athúsáid mar aon le cáilíocht na sonraí a dhearbhu** ar bhealach atá slán, éifeachtúil agus trédhearcach ar fud na hearnála poiblí
- ▶ **Imreoidimid tionchar ar an úsáid a bhaineann an earnáil phoiblí níos leithne as sonraí** trí Chóras Staidrimh na hÉireann a fhorbairt, an Bonneagar Sonraí Náisiúnta a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar an ról comhairleach atá againn maidir le ceisteanna a bhaineann le sonraí i bhfórais éagsúla
- ▶ **Forbróimid an úsáid a bhaintear as foinsí sonraí tánaisteacha** chun eolas a dhéanamh do tháirgí aschuir agus chun táirgí reatha a shaibhriú
- ▶ **Líonfaimid bearnaí eolais atá ag teacht chun cinn** inár sochaí, geilleagar agus timpeallacht lena n-áirítear folláine agus topaicí bainteach le COVID mar a thagann siad chun cinn
- ▶ **Cuirfimid seirbhísí staitistiúla nua ar fáil** lena n-áirítear tionscadail ceannródaíocha atá dírithe ar bheartais, tacú le tionscnaimh sonraí oscailte agus iasachtaí foirne a shocrú chun tacú le forbairt acmhainní ar fud Chóras Staidrimh na hÉireann
- ▶ **Déanfaimid nua-aoisiú leanúnach** ar mar a dhéantar ábhair Staidrimh Oifigiúil a bhailiú, a phróiseáil agus a scaipeadh, lena n-áirítear próisis ar pháipéar a íoslághdú agus táirgí staitistiúla fíor-ama agus sealadacha a sholáthar chun cur leis an gclár oibre staitistiúil a ndéanaimid ar bhunús reachtúil
- ▶ **Leanfaimid d'fhorbairt a dhéanamh** ar ár bhfoireann, córais agus próisis

# Ár bhFís

## Léargas neamhspleách do chách



### Soláthróir

#### Ag soláthar staitisticí iontaofa

- ▶ Is cuid den chóras staidrimh Eorpach agus Domhanda an CSO. Leagtar amach trí cheathrú d'ábhair aschuir na heagraíochta faoi reachtaíocht an AE
- ▶ Is soláthróir neamhspleách agus oibiachtúil é an CSO d'eolas ardchaighdeán, iontaofa agus inrochtana
- ▶ Bailímid, tiomsaímid agus scaipimid sonraí chun críocha staidrimh amháin
- ▶ Tá meas againn ar rúndacht na sonraí a roinntear linn
- ▶ Gach bliain cuireann ár bhfoireann na céadta eisiúint staitistiúla agus na mílte tábla sonraí ar fáil chun cur síos a dhéanamh ar shochaí, geilleagar agus timpeallacht na hÉireann
- ▶ Is ar bhonn eiticúil agus le hionracas a dhéanaimid sin
- ▶ Tá meas againn ar ár soláthróirí sonraí agus bíonn sé mar aidhm againn sonraí a bhailiú uair amháin agus iad a athúsáid go minic
- ▶ Soláthraímid seirbhísí sonraí dár gcomhghleacaithe ar fud Státseirbhís agus Sheirbhís Phoiblí na hÉireann



### Nuálaí

#### Ag forbairt táirgí, seirbhísí agus uirlisí nua

- ▶ Is nuálaí an CSO maidir lenár bpróisis, táirgí agus seirbhísí
- ▶ Úsáidimid gach foinse sonraí, lena n-áirítear foinsí riaracháin agus foinsí Olltomsaithe Sonraí (Mórshonraí), ag bailiú, ag cumasc agus ag comhtháthú nuair is cuí agus is ábhartha
- ▶ Spreagaimid ár bhfoireann a bheith rannpháirteach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun deiseanna rannpháirtíochta agus nuálaíochta a lorg mar aon lenár bpróisis agus ábhair aschuir a fhorbairt
- ▶ Breathnaímid ar fhéidearthachtaí maidir le sonraí a bhailiú, a bhainistiú, a anailísú agus a scaipeadh agus déanaimid uirlisí a fhorbairt ina leith sin

Oifig neamhspleách is ea an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) faoi réir an Acht Staidrimh, 1993. Soláthraímid eolas staitistiúil atá saor agus neamhspleách chun tacú le tuiscint, chun í a chur chun cinn, agus ar mhaithe le plé i réimsí rialtais agus gnó agus i measc an phobail. Téann Staidreamh Oifigiúil chun tairbhe an phobail, agus tá páirt riachtanach aige i gcruithú sochaí feasaí do mhuintir na hÉireann.



### Áisitheoir

#### Ag éascú úsáid ár dtáirgí agus seirbhísí do dhaoine eile

- ▶ Trí na sonraí agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil, tacaítear le beartas a fhorbairt, beartas a mheas agus tacaítear le daoine eile taighde a dhéanamh
- ▶ Forbraímid litearthacht staitistiúil inár n-úsáideoirí ar fad trínár réimse clár for-rochtana lena n-áirítear táirgí aschuir sothuigte agus ár bhfoireann staidrimh ar iasacht
- ▶ Tacaímid le cumais staitistiúla agus anailíseachta a fhorbairt
- ▶ Cuirimid ár dtáirgí ar fáil i réimse leathan formáidí chun tacú le riachtanais ár n-úsáideoirí éagsúla
- ▶ Roinnimid an t-eolas agus an saineolas atá againn agus cuirimid sonraí tráthúla, cruinne agus ar ardchaighdeán ar fáil



### Ceannaire

#### In éiceachóras sonraí na hÉireann

- ▶ Cuireann an CSO ceannaireacht staitistiúil ar fáil go náisiúnta, laistigh de Chóras Staidrimh na hÉireann, agus tacaíonn an CSO le sonraí a bhainistiú mar acmhainn straitéiseach
- ▶ Leagtar béim ar bhonn náisiúnta ar éiceachóras sonraí na hÉireann i gcoitinne a fhorbairt mar aon le sonraí a rialú agus a bhainistiú:
  - Cuirfimid Córas Staidrimh na hÉireann chun cinn agus tacóimid le méadú an Bonneagar Sonraí Náisiúnta chun a chinntiú go mbaintear luach as gach sealúchas sonraí poiblí
  - Cuirfimid caighdeán staidrimh choitianta, aicmiúcháin choitianta agus beartais sonraí chomhsheasmhacha chun cinn
- ▶ Cuirimid ceannaireacht staitistiúil ar fáil go hidirnáisiúnta agus leanfaimid de chaidrimh láidre gairmiúla a fhorbairt le comhghleacaithe san AE agus níos faide i gcéin chun smaointe, saineolas agus nithe foghlamtha a roinnt agus a mhalartú

## Neamhspleách

Táimid oibiachtúil, gairmiúil, neamhchlaonta agus gníomhaímid le hionracas i gcónaí.

## Iontaofa

Táimid trédhearcach agus ionraic. Cloímid leis na caighdeán staidrimh idirnáisiúnta is airde agus cuirimid táirgí agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil le hionracas agus ar bhealach eiticíúil.

## Rúndacht

Cuirimid na caighdeán is airde i bhfeidhm maidir le rúndacht agus meas ar phríobháideacht sonraí le linn ár gcuid oibre.

Cloímid le forálacha an Acht Staidrimh, 1993, an Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus an Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus tugaimid ráthaíocht faoin dlí nach n-úsáidimid sonraí a thugtar dúinn ach chun críocha staidrimh amháin.

## Freastal ar an bpobal

Bíimid rannpháirteach lenár gcustaiméirí agus dírithe ar sheirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

## Foghlaim leanúnach


Táimid uailmhianach, coinnímid súil i gcónaí ar nithe atá ag teacht chun cinn agus táimid dírithe ar nuálaíocht agus comhoibriú.

Tagann an CSO go hiomlán leis na Prionsabail Bhunúsacha maidir le Staidrimh Oifigiúla na Náisiún Aontaithe

Cloímid le Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh agus tá forbairt déanta againn ar Chód Cleachtais Staidrimh na hÉireann chun tacú le táirgeoirí eile de chuid na hÉireann a chuireann ábhair Staidrimh Oifigiúil i dtoll a chéile

Tá ceanglas ar an CSO de réir an dlí ceannasaíocht a thabhairt maidir le Staidreamh Eorpach a chomhordú agus a thiomsú in Éirinn.

## Ról an CSO in Éiceachóras Sonraí na hÉireann



# LÉARGAS NEAMHSPLEÁCH DO CHÁCH

# CSO 2030

## Léargas neamhspleách do chách

Is í an bhliain 2013 an uair dheireanach a d'fhorbair An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) straitéis fhadtéarmach, CSO 2020. Mar chuid den straitéis sin, leagadh an bhunchloch chun éilimh a bhí ag teacht chun cinn i réimse an staidrimh oifigiúil a shásamh, agus leagadh béim ar bhainistíocht cáilíochta agus 'nithe bunúsacha a bheith i gceart'. Rinneadh go leor dul chun cinn faoi CSO 2020 agus de réir mar atá deireadh ag teacht leis an tréimhse deich mbliana sin, tá deis anois ann féachaint arís ar an bhfís fhadtéarmach agus an treo a bhfuilimid lena ghlacadh a shocrú go dtí an bhliain 2030.

Tá athrú mór ar chúrsaí ó bhí próiseas forbartha Fhís CSO den uair dheireanach ann. Tá i bhfad níos mó foinsí sonraí anois ann ná mar a bhí ar fáil roimhe seo, agus cé go bhfuil luas agus tráthúlacht an-tábhachtach sa timthriall nuachta, gné shuntasach atá ag croílár gach ábhar staidrimh oifigiúil a bhfuil fiorthábhacht ag baint leis is ea prionsabal na cáilíochta, an chruinnis agus an ionracais.

Tá an CSO ag iarraidh ábhair Staidrimh Oifigiúil agus léargas ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun bonn taca a chur faoi chinnteoireacht ar mhaithe le cumhacht féideartha sonraí mar acmhainn straitéiseach in Éirinn na linne seo a fhíorú. Tá CSO 2030 mar bhonn agus mar thaca ag an eagraíocht agus í ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le domhan athraitheach na linne seo. I mana ár bhfíse, "Léargas neamhspleách do chách", léirítear croí an mhisin atá againn agus an méid atá beartaithe againn a bhaint amach. Chun ár bhfís a bhaint amach, ní mór dúinn a bheith rannpháirteach leis an sochaí agus lenár bpáirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach, litearthacht staitistiúil a fhorbairt, teacht níos fearr ag lucht spéise gairmiúil agus ag an ngnáthdhuine ar thorthaí staitistiúla a chinntiú chomh maith leis na héilimh atá ag sainúsáideoirí maidir le léargas a fháil a shásamh.

Tá sé de cheart ag muintir na hÉireann maireachtáil i sochaí fheasach agus tá an-tábhacht ag baint leis na hábhair staidrimh oifigiúil a chuirimid ar fáil chun an cuspóir sin a bhaint amach. Is é an pobal agus an réimse leathan úsáideoirí atá againn, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, a cinnfidh an oiread a n-éireoidh linn a bhaint amach ar deireadh thiar.

Tá foireann chumasach ag an CSO atá díograiseach, cruthaitheach, nuálach agus gairmiúil a bhfuil sé d'uailmhian acu léargas neamhspleách a chur ar fáil dár n-úsáideoirí ar fad. Is léiriú atá sa doiciméid Físe seo ar an uailmhian atá acu agus tá tacaíocht tugtha ina leith ag an mBord Náisiúnta Staidrimh.


JENNIFER BANIM  
Ard-Stiúrthóir Cúnta  
Staitisticí Eacnamaíocha



PÁDRAIG DALTON  
Ard-Stiúrthóir




MARIA HURLEY  
Ard-Stiúrthóir Cúnta  
Gnóthaí Corparáideacha



RICHARD McMAHON  
Ard-Stiúrthóir Cúnta  
Staitisticí Sóisialta  
agus Déimeagrafacha

PAUL MORRIN  
Ard-Stiúrthóir Cúnta  
Aonad Comhordaithe  
an Chóras Staidrimh



JOE TREACY  
Stiúrthóir  
Staitisticí Gnó